**Caingean arna tabhairt an 12 Bealtaine 2022 – Freixas Montpelt agus páirtithe eile v Coiste na Réigiún**

**(Cás T-260/22)**

(2022/C 244/63)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóirí:* David Freixas Montpelt (Berchem Sainte Agathe, an Bheilg), Gustavo Lopez Cutillas (Woluwé Saint Pierre, an Bheilg), Valeria Schirru (An Bhruiséil, an Bheilg), Svetlozar Andreev (An Bhruiséil) (ionadaithe: L. Levi agus P. Baudoux, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Coiste na Réigiún

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— a dhearbhú go bhfuil an chaingean seo inghlactha agus go bhfuil bunús maith léi;

— dá bhrí sin, liosta na n-oifigeach atá incháilithe le haghaidh ardú céime don chleachtadh bliaintúil um ardú céime 2021 a neamhniú a mhéid nach n-áirítear sa liosta sin ainm an Uasail Freixas Montpelt ag grád AST5, an Uasail Lopez Cutillas ag grád AD6, Schirru Uasal ag grád SC2 agus an Uasail Andreev Svetlozar ag grád AD10;

— a mhéid is gá, cinneadh an chosantóra an 11 Feabhra 2022 lena ndiúltaítear d'éilimh na n-iarratasóirí a neamhniú;

— a ordú don chosantóir na costais go léir a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí.**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir dhá shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí, lena n-éilítear pléadáil neamhdhleathachta i dtaca le cinneadh an 16 Meitheamh 2021, a sháraíonn Airteagal 45(1) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh.

2. An dara saincheist dlí, lena n-éilítear pléadáil neamhdhleathachta chinneadh an 16 Meitheamh 2021 a sháraíonn prionsabal an neamh-idirdhealaithe.

---

**Caingean arna tabhairt an 13 Bealtaine 2022 – Suichi v EUIPO– Michael Kors (Switzerland) International (MK MARKTOMI MARKTOMI)**

**(Cás T-264/22)**

(2022/C 244/64)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Lin Suicha (Zhejiang, an tSín) (ionadaí: J. Donoso Romero, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Michael Kors (Switzerland) International GmbH (Manno, an Eilvéis)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Dílseánach an trádmhairc faoi cheist:* An t-iarratasóir os comhair na Cúirte Ginearálta

*Trádmharc faoi cheist:* marc fíortha MK MARKTOMI MARKTOMI de chuid an Aontais Eorpaigh – trádmharc Uimh. 17 946 599 de chuid an Aontais Eorpaigh

*Nós imeachta os comhair EUIPO:* Imeachtaí cealaithe

*Cinneadh atá faoi chonspóid:* Cinneadh ón gcéad Bhord Achomhairc de chuid EUIPO an 10 Márta 2022 i gcás R 1899/2021 – 1

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an méid ar tugadh le fios go léir mar chuid dá cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— an t-iarratas ar dhearbhú neamhbhailíochta a dhiúltú ina iomláine;

— a ordú do EUIPO agus don idiragraí na costais a íoc.

**Saincheist dlí**

— Sárú ar Airteagal 60(1)(a) i gcomhar le hAirteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.